Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Feabhra 2021
(OR. en)

6020/21
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0005(NLE)**

UD 39
AELE 14
CH 7

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise arna bhunú le Comhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis<br>- Glacadh<br>- Ráiteas ón gCoimisiún |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Measann an Coimisiún gur cheart an Cinneadh ón gComhairle a sheoladh chuig an gCoimisiún, agus measann sé, dá bhrí sin, nach iomchuí na hathruithe a ghabhann le hAirteagal 2.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a nochtadh i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.